
SCHOOL
NEWS AGENT
SUPERMARKET
BANK
LIBRARY
ELECTRICAL
appliances
crisps

Fuinneamh in ár saoil

Clár

1. Fuinneamh
2. Tá fuinneamh ag teastáil ónar gcoirp
3. Fuinneamh i ngach rud
4. Ag tomhais fuinneamh
5. Táimid ag brath ar fuinneamh
6. Fuinneamh fadó
7. Ag sábháil fuinneamh sa teach
8. Ag sábháil fuinneamh ar scoil

Fuinneamh

Úsáideann muid fuinneamh chun rudaí a dhéanamh.

Úsáideann muid fuinneamh chun gluaiseacht agus chun fanacht te. Úsáideann muid fuinneamh chun solas a chur inár dtithe. Úsáideann muid fuinneamh chun fuaimeanna a dhéanamh. Úsáideann muid fuinnneamh chun lampa solais a lasadh.
Tá **cineálacha** éagsúla fuinneamh ann.
Cuireann fuinneamh **Meicniúil (**Cinéiteach) rudaí ag gluaiseacht.

An ghaoth ag séideadh bád seoil
Abhainn ag casadh roth uisce
Duine ag rothaíocht ar rothar

Is fuinneamh stóráilte í fuinneamh **Ceimiceach.** Ní scaoiltear í go dtí go dtarlaíonn imoibriú ceimiceach. Oibríonn do chorp le fuinneamh ceimiceach.

Faigheann lampa solais a fuinneamh ó **imoibriú ceimiceach** sa cheallaire Bíonn fuinneamh **Leictreach** ag rith mar sruth. Úsáidtear í chun na rudaí seo a leanas a rith:

- Ríomhairí
- Teilifíseáin
- Meaisín Níocháin
- Solais

Déantar fuinneamh **Núicleach** ó uranuim.

Úsáidtear an fuinneamh seo chun leictreachas a ghinnúint.

Séard atá i gceist le fuinneamh **Fuaime** ná an t-aer ag creathadh. Aistríonn ár gcluasa na gluaiseachtaí beaga san aer go dtí teachtarachtaí fuaime inár n-inchinn.

Fuinneamh **Teas** agus **Solas**
Táirgíonn bolgáin solais, solas agus teas. Táirgíonn tinte solas agus teas freisin.

Úsáidtear acmhainn fuinneamh chun fuinneamh a sholáthar. Tá dhá chineál ann:
Acmhainn fuinneamh inathnuaite
Is féidir linn na hacmhainn seo a úsáid áris is arís eile ach ní ídófar iad go brách.
Tugann **an ghrian** solas agus teas dúinn.
Séideann **an ghaoth** thar muir agus talamh ag cur báid ag seoladh agus ag cur muileann gaoithe ag casadh.



Déantar **barraí** a fhás gach bliain chun bia a thabhairt dúinn.

Achmainn fuinneamh neamh inathnuaite

Tógann sé na mílte blian chun na hacmhainn fuinneamh seo a chruthú. Nuair a ídítear iad seo beidh siad imithe go brách.

Breosla Iontaisigh. Is breoslaí iontaisigh iad ola, móin agus gual. Nuair atá siad seo ídithe, ní bheidh aon breoslaí iontaisigh fágtha.

Breosla Núicléach. Nuair atá an uranium go léir úsáidthe, ní bheidh aon breosla núicléach fágtha. Usáidtear fuinneamh **inathnuaite** agus **neamh inathnuaite** chun leictreachas a ghiniúint. I dTuaisceart na hÉireann agus i bPoblacht na hÉireann cruthaítear leictreachas ag úsáid gual, ola, gás, móin, uisce atá ag gluaiseacht (hidrea-leictreachas) agus gaoth. Ní úsáidtear fuinneamh núicleach in Éirinn.

Tá fuinneamh ag teastáil ónár gcoirp

Tá fuinneamh ag teastáil i gcóir gach rud a dhéanann muid

Chun muid a choinneáil te
Chun muid a choinneáil folláin
Ionas gur féidir linn fás
Ionas gur féidir linn siúl, rith, scipeáil agus léim

Tá a lán fuinneamh ag teastáil do roinnt gníomhaíochtaí

Ag imirt peile
Rothaíocht
Lannrolláil

Tá níos lú fuinneamh ag teastáil ó gníomhaíochtaí eile

Codladh
Ag breathnú ar an dteilifís
Ag siúl go mall

Tá an-chuid fuinneamh ag teastáil ó roinnt daoine

Snámhóir olimpeach
Páiste atá ag fás

Ach tá níos lú fuinneamh ag teastáil ó daoine eile

Sean duine

Is í bia an breosla a thugann fuinneamh dúinn

Tugann bia ar nós milseáin, cácaí agus criospaí an-chuid fuinneamh dúinn. Muna n-úsáideann muid an fuinneamh a thugann bia dúinn, stórálann muid an fuinneamh seo mar saill.

Ní thugann bia ar nós torthaí, éisc agus saléid an oiread céanna fuinnneamh dúinn. Tá vitimíní agus míonraí riachtanacha le fáil iontu, áfach. Bíonn bia atá lán de fuinneamh agus bia a sholáthraíonn na vitimíní agus na míonraí atá ag teastáil uainn in aist e bia folláin. Déantar an fuinneamh atá inár bia a thomhais le calraí. Tá a lán calraí ag teastáil ó páistí toisc go bhfuil siad fós ag fás

Taispeánann an barrachairt seo an méid calraí a n-úsáideann muid i gcóir rudaí éagsúla a dhéanamh.



Faigheann bia a fuinneamh ón ghrian

Bíonn an ghrian ag taitneamh ar barraí ar nós cruithneacht a thugann an deis do plandaí fás. Stórálann siad an fuinneamh seo mar fuinneamh ceimiceach. Úsáideann ár gcorp an fuinneamh ceimiceach seo chun muid a choimead te, chun siúl agus chun smaoineamh.

Déantar an cruithneacht a athrú go plúr i muileann. Déanann an bácéar arán as an bplúr. Itheann muid an t-arán.

Fuinneamh i ngach rud

Úsáidtear fuinneamh i ngach gné dár saoil. Tá fuinneamh i ngach rud a dhéanann muid agus i ngach rud timpeall orainn:

an **bia** a itheann muid an **leictreachas** a úsáideann muid
an **peitreal** a úsáideann muid inár gcarranna an **breosla** a chuireann muid inár dtintí
Taispeánann na pictúirí seo an fuinneamh atá ag teastáil chun paicéad criospaí a dhéanamh.



- Baintear prátaí
- Ansin glantar iad… ansin gearrtar iad
- Ansin friochtar iad
- Ansin cuirtear i bpaicéad iad
- Ansin déantar iad a sheachaideadh
- Ansin itear iad

Taispeánann an pictúir thíos na slite éagsúla gur féidir fuinneamh a úsáid i seomra amháin – an chistin.

Ag tomhais fuinneamh

Calraí

Tomhaistear an méid fuinneamh a fhaigheann muid ó bia i kilo-calraí. Tugann muid calraí orthu de ghnáth. Feicfidh tú Kcal scríofa ar paicéid bia. Taispeántar anseo an méid calories i 100g atá i bianna éagsúla.(Tá seans ann go mbeidh difríochtaí beaga ó branda go branda)

Uaireanta cileavata (kWh) (kilowatt hours)

Tomhaistear fuinneamh bia i gcalraí ach tomhaistear breosla agus fuinneamh leictreach go minic i uaireanta cileavata. Scríoftar é seo mar kWh. Feictear é seo ar billí gáis agus leictreachas áit a dtaispeántar cé mhéid aonad fuinneamh atá úsáidithe. Mar shampla, úsáideann deich bolgáin solais 100 watt 1kWh san uair. Taispéantar anseo roinnt gléasanna agus an méid kWh a úsáideann siad in aghaidh na bliana.

Is féidir pí chairt a fheiscint thíos áit a dtaispeántar na háiteanna sa teach ina n-úsáideann muid fuinneamh. Tá sé soiléir go n-úsáideann muid an cuid is mó dár fuinneamh ar teas.



- ag téamh spáis 60%
- ag cocaireacht 10%
- solas 4%
- cuisneoir agus oighearadóir 5%
- gléasanna eile 6%
- téamh uisce 15%

Lítear nó galúin

Tomhaistear an méid ola, peitreal agus díosal a úsáideann muid i lítear nó i galúin. Tá tuairim is 10.5kWh i lítear breosla. Tá 47.7kWh i galún breosla. Is féidir le carranna taisteal níos faide ar galún breosla i gcompráid le bus nó traein, ach ar ndóigh is féidir le busanna agus traenacha níos mó daoine a iompar.

Is féidir le carr le 1 gallon de breosla 5 phaisinéir a iompar 40 míle.
Sé sin 200 mílte paisinéir in aghaidh an galún.

Is féidir le bus le breosla de 1 gallon 72 paisinéir a iompar 7 mílte. Sé sin 500 mílte paisinéir in aghaidh an galún.

Is féidir le traein le breosla de 1 gallon 700 paisinéir a iompar míle amháin. Sé sin 700 mílte paisinéir in aghaidh an galún.

Táimid ag braith ar fuinneamh

Sá lá atá inniu ann braitheann muid ar ola, gás, petreal nó leictreachas i beagnah gach rud a dhéanann muid.

San am atá thart bhí ar daoine i bhfad níos mó a dhéanamh lena lámha (obair láimhe?) ag úsáid a fuinneamh féin nó fuinneamh a gcuid ainmhí.

Sa lá atá inniu ann tá an saol i bhfad níos éasca do tromlach na ndaoine. Tá sé níos teo agus níos glaine inniu ná mar a bhí sé in am ár shean tuisití nó ár sin sean tuistí.

Úsáideann muid níos mó ola ná aon achmhainn neamh inathnuaite eile. Úsáidtear é ansin chun peitreal agus díosal a dhéanamh i gcóir:

Carranna/Gluaisteáin
Busanna
Traeineacha
Lorraithe/Trucail
Úsáidtear é chomh maith mar breosla eitilt.

Téann ola na mílte
Tithe
Scoileanna
Oifigí
Monarchann
Siopaí

Úsáidtear é chomh maith
i stáisúin giniúna chun an-chuid
leictreachas a chruthú.

Tá leictreachas tar éis ár saoil a athrú níos mó na aon cineál fuinneamh eile.
Gan leictreachas ní bheadh muid ábalta

teileafóin, teilifíseáin agus físeáin, ríomhairí, trealamh tarthála in ospidéal; uirlisí teach ar nós cuisneoirí, meaisín glantacháin nó microwaves a úsáid.
Táimid ag brath beagnach go hiomlán ar leictreachas. Má bhíonn scart cumhahta ann, bíonn sé soiléir go bhfuilimid ag brath beagnach go hiomlán ar leictreachas.

Sa lá atá inniu ann úsáideann na tíortha sa domhan forbartha, ar nós Éireann, i bhfad níos mó fuinneamh ná tíortha sa domhain atá ag forbairt ar nós Oirthear na hEorpa. Mar shampla, úsáideann an ghnáth duine i Meiriceá 15 uair níos mó fuinneamh ná duine sa Tuirc.

Fuinneamh fadó

Níor úsáid daoine an méid céanna fuinneamh is a n-úsáideann muid inniu i gcónaí.

Daoine ón gcloch aois



D'úsáid daoine a bhí ina chónaí ar an domhain thart ar milliún bliain ó shin, fuinneamh óna bia. Rinne siad seilg ar ainmhí le bogha agus saighead simplí. D'ith siad feoil ó ainmhithe agus éin, chruinnigh siad plandaí, cnóanna agus sméaranna.

Chónaigh siad i bpluaiseanna nuair a bhí sé seo indéanta. Mura raibh siad ábalta cónaí i bpluaiseanna fuair siad fothain aon áit a raibh sé ar fáil. Ní raibh aon breosla acu i gcóir taisteal, talamhaíocht nó tionsclaíocht.

D'úsáid siad fuinneamh ó adhmad a bhí ag dódh i gcóir cócaireacht agus mar cosaint i gcoinne mac tír, béir agus ainmhí eile

De réir a chéile d'fhoghlaim daoine scilleanna nua ar nós conas uirlisí miotal a chruthú agus teacht chun cinn an roth. Bhí ré na cloch aoise ag teacht chun deireadh. Bhí slite beatha níos forbartha ag daoine agus bhí éileamh níos mó ar fuinneamh.



Na Ceiltigh

Bhí tithe ceilteacha déanta de seomra amháin. Bhí an tine tógtha i lár an tseomra i tinteán simplí. Bhí fioghual dóite sa tine a d'úsáideadh i gcóir cócaireacht agus teas. Bhí poll sa díon tuí, a bhí os cionn an tine, a scaoil an deatach amach. Déanadh arán a bhácáil ar leac phábhála te os cóir an tinteán.

Rinne na Ceiltigh seilg i gcóir bia ar cos nó ar mhuin capaill. Nuair a thaisteal siad thar tír d'úsáid siad carbad a tharraing capaill. Thaisteal siad thar farraige nuair a bhí sé indhéanta. Bhí na báid déanta as adhmad agus craiceann ainmhí.

Bhí na báid seo ag braith ar cumhacht agus cumas an duine i gcóir fuinneamh.

Na Lochlannaigh



Seomra amháin a bhí i dtithe Lochlannacha. Tógadh an tine i lár an úrlár agus bhí sé socraithe i cloch colbha dronnuileogach. Bhi adhmad dóite sa tine, a úsáideadh i gcóir teas agus cócaireacht. Bhí poll sa díon a scaoil an deatach amach.

D'úsáideadh lampa ola i gcóir solas nuair a bhí sé dorcha. Bhí an ola a dódh déanta as éisc nó míolta mara. Ní raibh aon fuinneoga ann. Ní raibh ann ach dhá doras sa foirgneamh fada cúng seo, ceann os cóir a chéile.

Rinne na Lochlannaigh earraí agus de bharr seo rinne siad alán trádáil le cabhair a longa lastas speisialta. Bhraith na longanna seo go mór ar an ngaoth agus ar cumhacht daoine (fir maidí ráimhe). Nuair a thaisteal siad thar talamh d'údáid na Lochlannaigh sclábhaigh nó bulláin agus cairteanna chun a n-earraí a iompar.

Ó am na réabhlóide tionsclaíochta, nuair a d'fhoghlaim daoine conas gual a úsáid in an-chuid slite tá ár gcaitheamh fuinneamh tar éis fás as cuimse. D'úsáideadh gual chun ár monarchann agus innneall gall uisce a chur ag obair. Inniu tá sé soiléir go bhfuil an timpeallacht á scriosadh de bharr an úsáid atá muid ag baint as fuinneamh.

Ag sábhail fuinneamh sa bhaile

Tá an-chuid slite gur féidir fuinneamh a shábháil sa bhaile. An féidir leat teacht orthu?



Nuair a sábhalann tú fuinneamh sa bhaile, sábhálann tú airgead freisin.

Seo do liosta seiceála do sábháil fuinneamh do do theach

Tóg cith ar feadh 5 nóiméad in ionad folcadh. Ídeofar níos lú na leath an oiread fuinneamh chun an t-uisce chun an cith a théamh i gcompráid leis an folcadh.

Múch na soilse nuair nach bhfuil gá dóibh. Má fhágann tú na soilse ar siúl íodaítear leictreachas agus airgead.

Múch an teilifís muna bhfuil tú ag feachaint air. Má fhágann tú an teilifís ar siúl nuair nach bhfuil tú ag féachaint ar clár nó nuair a fhágann tú an seomra tá tú ag meilt fuinneamh agus airgead. Tá an rud céanna fíor faoin raidió, CD nó séinteoir caiséid.

Dún na cúirtíní san iarnóin chun an teas a choimead istigh. Má tá an teas ar siúl agus tá na cúirtíní ar oscailt éalóidh an-chuid teas amach tríd an bhfuinneog.

Ná úsáid ach an méid atá de dhídh ort nuair atá an citeal á bheireadh agat. Cén fáth go mbeireadh tú citeal lán go béal muna bhfuil ach cupán café ag teastáil uait?

Is cóir fanacht i gcónaí go dtí go bhfuil an gléas nite gréithe agus an meaisín níocháin éadaí lán sula gcuireann tú iad ag obair. Muna bhfuil siad ach leath lán is amhlaidh go bhfuil fuinneamh á ídeadh.

Úsáid acmhainn inathnuaite. Troimigh na héadaí ar an líne éadaigh seachas sa meaisín triomadh éadaigh. Sábhálfar airgead mar seo freisin.

Is féidir le tuistí fuinneamh a shábháil sa bhaile freisin tríd:

- na píopaí uisce te a fhálú agus seacéad fálaithe a chur san umar uisce te
- an díon a insliú
- na cúirtíní a líneáil
- ag cur termastat ar radaitheoirí
- ag cur fuinneoga agus dorais gléas dúbailte isteach
- ag roghnú gléasanna atá éifeachteach maidir le fuinneamh tríd féachaint ar an lipéad bhfuinneamh nuair a cheannaítear gléas nua.



Ag sábháil fuinneamh ar scoil

Tá a lán slite chun fuinneamh a shábháil ar scoil. An féidir leat teacht orthu?



Is gá fuinneamh chun tú a thógáil chuig an scoil. Is é do fuinneamh bhia féin a bhéas i gceist, má tá tú ag rothaíocht nó ag siúl. Beidh an fuinneamh ó peitreal nó díosal má thaistealaíonn tú i gcarr nó ar bus.
Úsáidtear fuinneamh chun seomraí ranga, hallaí agus pasáistí a théamh. Beidh soilse i ngach seomra sa scoil. Tá fuinneamh ag teastáil chun uisce a théamh agus uisce a thabhairt chuig an sconna.
Tá fuinneamh leictreach ag teastáil ó ríomhairí, físeáin agus gléasanna taifeadadh téip. Tá an fuinneamh seo ag teastáil ó teileafóin, meaisín faics agus fótacóipeálaí freisin.

Úsáideann gach scoil páipéar agus ábhair eile a úsáideann fuinneamh.
Seo do seic liosta fuinneamh don scoil

Múch na solais agus treallamh muna bhfuil sé in úsáid.

Dún na doirse chun an teas a choimead istigh.

Déan cannaí agus páipéar a athchúrsáil

Siúl nó rothaigh chuig an scoil

Úsáid bosca lóin in ionad málaí pleaisteacha nó scragall stáin

An Foireann Fuinneamh

Bíonn grupaí daltaí ag roinnt scoileanna ar a dtugtar an foireann fuinneamh. Eagraíonn múinteoir an grúpa agus bíonn ionadaí ó gach rang ann. Is é feidhm an ionadaí ranga ná tuairisc a thabhairt don foireann fuinneamh ar céard atá déanta ag an rang maidir le fuinneamh.

Seo samplaí de rudaí atá déanta ag roinnt ranganna.

"Sheiceáil muid na seomraí ranga ag am lóin agus d'fhoghlaim muid go raibh soilse fágtha ar siúl agus doirse agus fuinneoga ar oscailt nuair a bhí an teas fós ar siúl. D'fhágamar nóta ar ar an gclár dubh chun cur i gcuimhne do na daltaí gur féidir fuinneamh a shábháil tríd na soilse a mhúchadh agus na doirse agus fuinneaoga a dhúnadh."

"D'eagraigh ár rang boscaí i gcóir fuíoll páipéar, cannaí agus buidéil, do gach seomra ranga sa scoil. Sábhálann seo fuinneamh toisc go mbíonn an páipéar, na cannaí agus an gloinne go léir sábháilte i gcóir athchúrsáil"

"Thug ár rang faoi deara go raibh boscaí stacáilte os comhair na raiditheoirí sa halla. Bhí na boscaí ag éirí te ach bhí an halla fuar. Is meilt teasa a bhí anseo. D'iarramar ar an príomhoide iad a bhogadh."

"Cé go bhfuil an aimsir ag feabhsú tá ár seomra ranga fós á théamh. Thosaigh daoine ag oscailt fuinneoga chun an seomra ranga a dhéanamh níos fionnuaire. D'iarr muid ar an múinteoir an teas a mhúchadh toisc go raibh fuinneamh á mheilt".

D'fhéadfá rud éigin mar seo a dhéanamh i do scoil.
Cuimhnigh is féidir linn go léir fuinneamh a shábháil.....
Is féidir linn go léir difríocht a dhéanamh!